


# Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht in aghaidh **Gáinneáil ar Dhaoine**

## **Meicníocht** monatóireachta

COUNCIL OF EUROPE
CONSEIL DE L'EUROPE



# CÉARD IAD AIDHMEANNA AN CHOINBHINSIÚIN?

Tá sé d'aidhm le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine, a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2008, gáinneáil ar dhaoine a chosc, íospartaigh gáinneála a **chosaint** agus **an dlí a chur ar** gháinneálaithe. Cuimsítear leis gach cineál gáinneála (idir idirnáisiúnta agus trasnáisiúnta, bíodh baint aici le coireacht eagraithe nó ná bíodh) agus áirítear leis gach íospartach gáinneála (mná, fir agus leanaí), chomh maith le gach cineál dúshaothraithe. Áirítear sa choinbhinsiún bearta chun **comhpháirtíochtaí a chur chun cinn** leis an tsochaí shibhialta agus comhar idirnáisiúnta.

Is é príomh-bhreisluach an choinbhinsiúin an bhéim atá aige ar **chearta an duine** agus cosaint íospartach. Déantar sainmhíniú sa choinbhinsiún ar gháinneáil mar shárú chearta an duine agus ionsaí ar dhínit agus ar shláine an duine. Ciallaíonn sé sin go gcuirtear an fhreagracht ar údaráis náisiúnta mura nglacann siad gníomhaíocht chun gáinneáil ar dhaoine a chosc, íospartaigh a chosaint agus cásanna gáinneála a imscrúdú go héifeachtach.

Is **feiniméan domhanda** í an gháinneáil ar dhaoine nach bhfuil teorainn ar bith léi, agus sin an fáth a bhfuil an coinbhinsiún ábhartha do thíortha ar fud na cruinne agus a bhfuil sé oscailte dóibh ar fad.



# CÉN CHAOI A NDÉANTAR MONATÓIREACHT AR CHUR I BHFEIDHM AN CHOINBHINSIÚIN?

Bhunaigh an coinbhinsiún meicníocht **neamhspleách monatóireachta** chun measúnú a dhéanamh ar chomh maith is a chuirtear a fhorálacha i bhfeidhm. Tá dhá cholún sa mheicníocht monatóireachta seo, a mheastar atá ar cheann de phríomhláidreachtaí an choinbhinsiúin: an Grúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine **(GRETA)** agus **Coiste na bPáirtithe**.

## Céard é GRETA?

Tá an Grúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine freagrach as measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an choinbhinsiúin sna tíortha a dhaingnigh é. Tá **15 shaineolaí neamhspleácha agus neamhchlaonta** ó na tíortha sínithe in GRETA. Tagann siad ó chúlraí éagsúla (lucht gairmiúil dlí, oifigigh um fheidhmiú an dlí, síceolaithe, dochtúirí, ionadaithe na sochaí sibhialta, srl.) agus roghnaítear iad ar bhunús a dtaithí gairmiúla sna réimsí lena mbaineann an coinbhinsiún. Maireann an téarma oifige do chomhaltaí GRETA ceithre bliana, agus is féidir é a athnuachan uair amháin.

# Cén chaoi a dtugann GRETA faoin obair monatóireachta?

Roinntear gníomhaíochtaí monatóireachta GRETA ina mbabhtaí. Ag tús gach babhta, sainmhíníonn GRETA forálacha an choinbhinsiúin a bhfuil monatóireacht le déanamh orthu agus cinneann sé an bealach is cuí chun tabhairt faoin measúnú.

Agus an obair monatóireachta ar bun, úsáideann GRETA modhanna éagsúla chun **eolas a bhailiú**. Mar an chéad chéim, seolann GRETA **ceistneoir** chuig údaráis na tíre atá á measúnú. Déanann GRETA anailís ar an eolas a thugtar sa fhreagra agus, más gá, iarrann GRETA ar eolas breise chun an freagra a shoiléiriú nó chun cur leis.

Ina theannta sin, tugann GRETA **cuairt** ar an tír atá i gceist. Cuireann cuairteanna dá leithéid deiseanna ar fáil tabhairt faoi phlé domhain le hoifigigh rialtais, le póilíní, le hionchúisitheoirí, le parlaiminteoirí agus le páirtithe leasmhara eile.

Is deis iad na cuairteanna measúnaithe freisin do GRETA chun cuairt a thabhairt ar shaoráidí ina dtugtar cúnamh d'íospartaigh gáinneála. D'fhéadfadh GRETA mar sin iarraidh go dtabharfaí **cuairt ar ionaid ghéarchéime** nó dídine d'íospartaigh gáinneála a bhainistíonn comhlachtaí poiblí nó eagraíochtaí neamhrialtasacha, ionaid le haghaidh imircigh aimhrialta nó lucht iarrtha tearmainn, trasphointí teorann nó ospidéil. Bítear in ann seiceáil ar éifeachtach na mbeart a thógtar chun an coinbhinsiún a chur i bhfeidhm leis na cuairteanna sin.



# RÓL NA SOCHAÍ SIBHIALTA

Is foinse thábhachtach eolais do GRETA í an tsochaí shibhialta. Le linn na gcuairteanna measúnaithe, bíonn cruinnithe ag GRETA le hionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus le hionadaithe eile ar an tsochaí shibhialta (ceardchumainn, comhlachais barra, an saol acadúil, mar shampla) atá páirteach i ngníomhaíocht in aghaidh gáinneáil ar dhaoine. D’fhéadfadh GRETA a chinneadh go gcuirfí a cheistneoir nó aon iarratas eile ar eolas chuig eagraíochtaí neamhrialtasacha agus chuig baill eile den tsochaí shibhialta a bhfuil fáil acu ar fhoinsí iontaofa eolais agusatá in ann an t-eolas sin a dheimhniú mar is cuí.

# TUARASCÁLACHA GRETA

Bíonn anailís i dtuarascálacha measúnaithe tíre GRETA ar an gcás i ngach tír maidir leis an ngníomhaíocht a dhéantar chun dul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhaoine chomh maith le moltaí faoin gcaoi le cur i bhfeidhm an choinbhinsiúin a threisiú. Cuirtear na tuarascálacha sin i dtoll a chéile mar chomhiarracht agus tá siad in ainm is cabhrú le stáit ina n-iarrachtaí.

Déanann GRETA scrúdú ar **dhréacht-thuarascálacha measúnaithe** ag a sheisiúin iomlánacha. Seoltar na dréacht-thuarascálacha chuig an rialtas ábhartha le haghaidh **tuairimí**, a chuireann GRETA san áireamh nuair a chuirtear a **thuarascáil deiridh** i dtoll a chéile. Seoltar an tuarascáil deiridh sin chuig na húdaráis lena mbaineann, agus iarrtar orthu ansin aon tuairimí deiridh a chur isteach. Ansin cuirtear tuarascáil GRETA, chomh maith le haon tuairimí ó na húdaráis, **ar fáil go poiblí**.

# COISTE NA BPÁIRTITHE SA CHOINBHINSIÚN

Is iad Coiste na bPáirtithe, ina mbíonn ionadaithe náisiúnta na dtíortha a dhaingnigh an coinbhinsiún, an dara colún sa mheicníocht monatóireachta. Ar bhunús thuarascálacha GRETA, féadfaidh Coiste na bPáirtithe glacadh le **moltaí** a thugtar do thíortha ar leith faoi na bearta ar cheart tabhairt fúthu chun torthaí GRETA a chur i bhfeidhm.



# Ó MHONATÓIREACHT GO TACÚ LE CUR I BHFEIDHM AN CHOINBHINSIÚIN

Tá trí chuid le luach na hoibre monatóireachta a dhéantar faoi Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine:

- **meastar** agus **spreagtar** comhlíonadh oibleagáidí forleathana an choinbhinsiúin;
- cuirtear **treoir** shainordaithe ar fáil do gach tír faoin gcaoi leis an gceann is fearr a fháil ar bhacainní; agus
- cruthaítear fóram do **chomhar idirnáisiúnta** inar féidir eolas agus Dea-chleachtais a roinnt agus an pobal idirnáisiúnta a chur ar an eolas faoi threochtaí nua, a spreagann **comhghníomhaíocht** chun fadhbanna a sheachaint agus chun aghaidh a thabhairt orthu.

Cuirtear torthaí na hoibre monatóireachta sin ar fáil ar líne agus is tagairt anois iad dóibh siúd ar fad atá páirteach sa troid in aghaidh gáinneáil ar dhaoine. Tacaíonn Comhairle na hEorpa le rialtais freisin agus an coinbhinsiún agus na moltaí a eascraíonn as an bpróiseas monatóireachta á gcur i bhfeidhm.

## Le haghaidh teagmhála agus tuilleadh eolais

**Rúnaíocht Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine (GRETA agus Coiste na bPáirtithe)**
**Comhairle na hEorpa / Council of Europe**
**F-67075 Strasbourg Cedex**
**An Fhrainc / France**
**Ríomhphost / E-mail: Trafficking@coe.int**

**www.coe.int/trafficking**

THB–INF (2013)1

PREMS 176116 – GLE – © Council of Europe – Photo credit: Council of Europe / Shutterstock